Mo Shaol Scoile

Tá mé ar scoil i gColáiste Phobal Bhun an Phobail. Is scoil nua í. Tá cúig chéad dalta ar an scoil, agus oibríonn caoga múinteoir ansin. Is breá liom Fraincis, mar tá sé suimiúil agus is fuath liom Teagasc Críostaí mar tá sé leadránach. Is í an Ghaeilge an t-ábhar is fearr liom. Tá an múinteoir ar dóigh!

Tosaíonn na ranganna ar a naoi a chlog agus críochnaíonn siad ar fiche tar éis a trí. Bíonn an lón ann idir cúig go dtí a haon agus leathuair tar éis. Bíonn an sos ann ar fiche a cúig tar éis a haon déag, agus maireann sé cúig bhomaite déag. Déanaim Béarla Dé Luain, ceol Dé Céadaoin, agus Staidéar Gnó Déardaoin. Ní dhéanaim Teicneolaíocht nó Ealaín.

Tá an scoil suite ar imeall an bhaile cois farraige. Tá mé sa tríú bliain, agus tá a lán cairde agam anseo. Tagaim ar scoil ar an bhus, agus sroichim mo theach ar a ceathair a chlog gach lá. Caithim dhá uair ag déanamh obair bhaile gach oíche. Caithfidh mé obair tí a dhéanamh ina dhiaidh sin! Is maith liom an scoil, ach is aoibhinn liom na laethanta saoire!